An Roinn Oideachais
Department of Education

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Nóta faisnéise do scoileanna

Meán Fómhair 2024, Eagrán 6

# Faisnéis agus Nuashonruithe ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Reámhrá

Fáilte ar ais.Is é seo an seú heagrán i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Cuireann na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta seo eisithe ag an Roinn chuig gach iar-bhunscoil agus iarrtar é a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne i ngach scoil. Beidh an nóta faisnéise ar fáil ar líne freisin agus tá fáilte roimh scoileanna naisc a sholáthar chuige óna láithreáin ghréasáin agus ó láithreacha digiteacha eile.

## Príomh-nuashonraithe

Tá gach ábhar agus modúl Tráinse a hAon foilsithe anois. Tabharfar na hábhair seo isteach i scoileanna ó 2025 ar aghaidh. Léigh na sonraíochtaí don Bhitheolaíocht, don Cheimic, don Fhisic, don Ghnó, don Araibis, don Laidin, don tSean-Ghréigis, do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fhorbairt Inbhuanaithe, agus don Drámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht anseo.

Tá Ráiteas Chlár na hIdirbhliana ar fáil anseo.

Tá Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ar fáil anseo.

Tá sonraíocht OSPS na Sraithe Shinsearach ar fáil anseo.



# Na sonraíochtaí Tráinse a hAon

Faomhadh gach sonraíocht Tráinse a hAon agus tá siad anois ar fáil ar an suíomh CNCM: [Curaclam]

Bhí taighde agus plé fairsing le páirtithe leasmhara mar bhonn le leagan amach na sonraíochtaí.

Áirítear i measc na ngnéithe coitianta:

- príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí
- comhpháirteanna measúnaithe breise
- leibhéal níos airde de scafall ar thorthaí foghlama.

**Príomhinniúlachtaí**

Díreoidh Sraith Shinsearach athfhorbartha ar phríomhinniúlachtaí ár ndaoine óga. D'éist an CNCM le múinteoirí, le scoláirí, le tuismitheoirí agus le daoine eile le linn athbhreithniú na sraithe sinsearaí. Leag go leor acu béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcineál duine a bheidh ionat le linn do bhlianta deiridh ar scoil agus nuair a fhágann tú an scoil. Dúirt siad go bhfuil na luachanna agus na meonta atá agat chomh tábhachtach leis an eolas agus na scileanna atá agat. Mhúnlaigh an t-aiseolas seo athfhorbairt churaclam na sraithe sinsearaí, a dhíríonn ar a thábhachtaí atá sé do scoláirí a bpríomhinniúlachtaí a fheabhsú agus eolas, scileanna, luachanna agus meonta a chomhtháthú chun cabhrú le scoláirí foghlaim, fás agus forbairt mar dhaoine.

**Comhpháirteann a measúnaithe breise**

I ngach ceann de na sonraíochtaí tá comhpháirteanna measúnaithe breise nach scrúdú scríofa traidisiúnta iad, ar fiú ar a laghad 40% den mharc iomlán iad, a leagfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus a dheanfaidh measúnú seachtrach orthu.

**Scafláil bhreise ar thorthaí foghlama**

Tá leibhéal breise scaflála de shnáitheanna staidéir agus torthaí foghlama le sonrú trasna na sonraíochtaí go léir. Baintear é seo amach trí theaglaim d'insint uileghabhálach, cuimsiú an cholúin 'foghlaimíonn scoláirí faoi' agus torthaí foghlama a thugann le fios go soiléir an t-eolas, an cumas agus an tuiscint a bheidh ag scoláirí ag deireadh an chúrsa..

# Forbhreathnú ar ábhair athbhreithnithe

## An tSean-Ghreigis

Labhraíodh agus scríobhadh an tSean-Ghréigis sa Ghréig ón gCré-Umhaois dhéanach, agus níos déanaí ina dhiaidh sin bhog sí lena cuid cainteoirí go háiteanna eile na Meánmhara, ón Iodáil theas go dtí an Tuirc. Bhí tionchar as cuimse ag an tSean-Ghréigis ar na nuatheangacha iasachta – is deacair abairt Bhéarla a chur le chéile sa lá atá inniu ann gan aon fhocail a úsáid a thagann ón nGréigis, agus tá an tSean-Ghréigis lárnach i gcónaí do théarmaíocht theicniúil réimsí an dlí, an leighis, agus na n-eolaíochtaí. Is teanga thábhachtach agus spreagúil í an tSean-Ghréigis le staidéar a dhéanamh uirthi sa lá atá inniu ann mar gheall air sin.

Cuirtear sonraíocht Shean-Ghréigis na hArdteistiméireachta i láthair in dhá shnáithe a bhfuil dhá phríomhghné acu: *Teanga na Sean-Ghréigise* agus *Litríocht i gComhthéacs.*





Ceaptar sonraíochtaí Theangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta d'fhoghlaimeoirí ó gach cúlra teanga. Áirítear leo sin an scoláire a bhfuil roinnt taithí aige cheana féin ar an teanga – tríd an snáithe "Teanga Chlasaiceach" i gClasaicí na Sraithe Sóisearaí, mar shampla – agus an scoláire nach bhfuil aon taithí aige ar an teanga.
Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise a bhfuil staidéar taighde i gceist léi.

# Forbhreathnú ar ábhair athbhreithnithe Tráinse a hAon

## Laidin

Is teanga ársa an Latium í an Laidin, réigiún i gcathair Iodálach na Róimhe

Tá sé mar aidhm ag Laidin na hArdteistiméireachta an inniúlacht, an fhiosracht agus an spéis sa Laidin agus sa litríocht, sa stair agus i gcultúr na Róimhe a chothú. Tugtar cuireadh don scoláire na slite a aithint ina gcuireann an dá cheann eolas ar fáil don am i láthair i gcónaí agus an léargas seo a úsáid chun cabhrú leis a bhealach a dhéanamh trí dhomhan ilteangach agus ilchultúrtha an lae inniu mar shaoránach gníomhach agus freagrach.
Ceaptar sonraíochtaí Theangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta d'fhoghlaimeoirí ó gach cúlra teanga. Áirítear leo sin an scoláire a bhfuil roinnt taithí aige cheana féin ar an teanga – tríd an snáithe "Teanga Chlasaiceach" i gClasaicí na Sraithe Sóisearaí, mar shampla – agus an scoláire nach bhfuil aon taithí aige ar an teanga.
Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise a bhfuil staidéar taighde i gceist léi.



# Forbhreathnú ar ábhair athbhreithnithe Tráinse a hAon

## Araibis

Tá an Araibis ar cheann de na teangacha is mó labhairt ar bhonn domhanda. Is teanga Sheimíteach í agus tá dhá fhoirm di: An Araibis Chaighdeánach Nua-Aimseartha agus an Araibis Chanúnach.

Ós rud é gur rud coiteann í an Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha i ngach tír ina labhraítear Araibis, baintear úsáid aisti mar mheán idirghabhála idir cainteoirí Araibise de chúlraí canúna éagsúla. Mar sin, is í an Araibis Chaighdeánach Nuaaimseartha sprioctheanga na sonraíochta seo. In Araibis na hArdteistiméireachta, beidh an scoláire ag plé le réimse de théacsanna dílse liteartha agus neamhliteartha Araibise ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha in éagsúlacht de sheánraí agus formáidí. Cuimsíonn sé seo téacsanna ficsin agus neamhfhicsin lena n-áirítear, mar shampla, ailt irisleabhair agus nuachtáin, fógairtí, fógraí, grafaicí eolais, mar aon le dánta, gearrscéalta, scannáin, úrscéalta simplí, scannáin, cláir teilifíse, cláir faisnéise etc., lena gcuirfí spéiseanna an scoláire agus a spreagadh chun foghlama san áireamh.

Tá trí chomhpháirt measúnaithe ann: scrúdú scríofa agus dhá chomhpháirt measúnaithe bhreise a chuimsíonn scrúdú cluastuisceana agus béaltriail.




# Forbhreathnú ar ábhair athbhreithnithe Tráinse a hAon

## Bitheolaíocht

Is é an sainmhíniú atá ar Bhitheolaíocht ná staidéar eolaíochta ar an mbeatha. Is rud iontach é an dúlra agus tá réimse leathan córas simplí agus casta ann. Sa bhitheolaíocht, déantar iarracht cur síos a dhéanamh ar na córais seo agus iad a mhíniú i dtaca le riaradh na beatha, a cuid struchtúr agus próiseas agus an t-idirghníomhú idir rudaí beo agus a dtimpeallacht. Agus seo á dhéanamh againn, tugtar tuiscint dúinn tríd an bhitheolaíocht ar iomlán na beatha mar a bhí, mar atá agus mar a bheidh sa todhchaí. Tá Bitheolaíocht go seasta ar cheann de na hábhair is coitianta a roghnaítear sa tSraith Shinsearach.

Tá ceithre shnáithe ann: snáithe aontach, Nádúr na hEolaíochta, agus trí shnáithe chomhthéacsúla, Riaradh na Beatha, Struchtúir agus Próisis na Beatha agus Imoibrithe na Beatha.

Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a bhfuil **Fiosrúchán Bitheolaíochta i gCleachtas** i gceist léi.




# Forbhreathnú ar ábhair athbhreithnithe Tráinse a hAon

## Ceimic

Tá an cheimic fite fuaite go hiomlan leis an dúlra. Agus staidéar á dhéanamh agat ar an gceimic, ní mór tuiscint a shaothrú ar an gcaoi a n-oibríonn domhan dofheicthe na n-adamh agus na móilíní as a ndéantar an domhan sofheicthe a fheicimid mórthimpeall orainn. Mar réimse de staidéar eolaíoch, míníonn sé an chaoi a n-iompraíonn agus a n-inoibríonn gach ábhar sa chruinne trí thuiscint a shaothrú ar an gcaoi a n-iompraíonn agus a n-inoibríonn adaimh agus móilíní.

Tá cúig snáithe ghaolmhara ann: Nádúr na hEolaíochta, atá mar snáithe aontaitheach, agus ceithre snáithe chomhthéacsúla—Nádúr an Ábhair, Iompraíocht an Ábhair, Imoibrithe an Ábhair agus Ábhar sa Domhan Mórthimpeall Orainn. Is léiriú é dearadh na snáitheanna ar chuspóirí Churaclam Ceimice na hArdteistiméireachta.
Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe: scrúdú scríofa agus comhpháirt measúnaithe a bhfuil Imscrúdú **Cheimic i gCleachtas** mar pháirt de.



# Forbhreathnú ar ábhair athbhreithnithe Tráinse a hAon

## Fisic

Laistigh de na heolaíochtaí, déantar iarracht san Fhisic cur síos comhaontaithe a fhorbairt ar an gcaoi a ngníomhaíonn ábhar agus fuinneamh leo féin agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad lena chéile. Tá réimse leathan córais shimplí agus chasta sa saol seo agus déantar iarracht san fhisic cur síos a dhéanamh ar na córais sin maidir le coincheapa bunúsacha lena gcuimsítear gach uile mhíle ní. Nuair a bhítear sa tóir ar dhlíthe bunúsacha agus prionsabail ghinearálta, cuimsítear staidéar an domhain leis bhfisic ó na cáithníní fo-adamhacha is lú go dtí na réaltraí is mó. Cuimsítear leis an bhfisic, ceisteanna bunúsacha a chur agus iarracht a dhéanamh iad a fhreagairt trí bhreathnú, tomhas, turgnamh agus samhlacha a fhorbairt chun a bhfuil sa saol fisiciúil a mhíniú.

Tá an fhisic forchéimnitheach, d’fhéadfadh sonraí nua freagraí a thabhairt ar roinnt ceisteanna ach d’fhéadfadh ceisteanna eile eascairt as na sonraí céanna, rud is cúis leis an bhfisic a bheith spraíúil agus suimiúil.

Tá cúig shnáithe ann; an snáithe aontach, Nádúr na hEolaíochta, agus na ceithre shnáithe chomhthéacsúla, Fórsaí agus Gluaisne, Tonnta agus Aistriú fuinnimh, Leictreachas agus Maighnéadas, agus an Fhisic Nua-Aimseartha

Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise a mbíonn Fiosrúchán Fisice i gCleachtas i gceist léi.




# Forbhreathnú ar ábhair athbhreithnithe Tráinse a hAon

## Gnó

Forbraítear feasacht an scoláire i nGnó na hArdteistiméireachta ar an tábhacht le gnó do gheilleagar na hÉireann agus don gheilleagar idirnáisiúnta agus cuidíonn an fheasacht seo chun tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn saol an ghnó. Foghlaimíonn an scoláire faoin gcaoi a bhfuil gnó bainteach lena shaol féin, foghlaimíonn sé chun litearthacht airgeadais agus ghnó a fhorbairt sa saol ina thimpeall agus faoin gcaoi a mbíonn gnó á mhúnlú ag na daoine a oibríonn, a bhíonn i gceannas, agus a bhainistíonn laistigh de thimpeallacht an ghnó.

Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe: scrúdú scríofa agus Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) ina bhfuil Staidéar Imscrúdaitheach.




# Forbhreathnú: dhá ábhar nua

**Tabharfar dhá ábhar nua Ardteistiméireachta (Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe agus Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta) isteach i scoileanna ar bhonn céimneach ó thús na scoilbhliana 2025/26. Le tabhairt isteach na n-ábhar spreagúil sin, tá rogha níos leithne á tabhairt do scoláirí chun machnamh níos fearr a dhéanamh ar a réimse spéise agus tacaíocht á tabhairt d'fhorbairt réimse níos leithne de thallanna agus de scileanna**

## Gníomhú ar Son na hAeráide agus Forbairt Inbhunaithe


Cuireann Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta ar chumas an scoláire foghlaim faoi ghníomhú fiúntach agus taithí a fháil air. Forbraíonn sé buneolas ar eolaíocht agus ceartas aeráide, ar an damáiste agus ar an gcaillteanas a mbíonn an t-athrú aeráide is cúis leis, agus ar mhaolú agus oiriúnú aeráide. Déanann sé scrúdú ar ról na scoláirí mar shaoránaigh dhomhanda, ag déanamh fiosrú ar na córais a rialaíonn cinnteoireacht, na rudaí taobh thiar de bochtaineacht domhanda agus éagóir aeráide.
Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithebhreise a bhfuil Tionscadal Gníomhaíochta i gceist léi.




## Léann na Drámaíocht, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíocht

Cuirtear le forbairt iomlánaíoch an duine nuair a fhoghlaimítear trí na healaíona Cuireann Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta le réimse na n-ábhar praiticiúil, bunaithe ar na healaíona, i gcuraclam na sraithe sinsearaí, ag spreagadh agus ag cur chun cinn oideachais leathain.

Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise (CMB) a bhfuil Tionscadal Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta: An Chruthaitheacht i gCleachtas i gceist léi.



## Meabhrúchán: Amlínte d’Ábhair Mheasúnaithe Shamplacha le haghaidh Tráinse 1

### Samhain 2024

Beidh Treoirlínte chun tacú le Comphairt Measúnaithe Bhreise (CMB) ar fáil do scoileanna. Bainfidh an tOide úsáid astu seo ina c(h)láir Foghlama Gairmiúla um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.

### Aibreán 2025

Eiseofar ceithre pháipéar scrúdaithe shamplacha – dá cheann don Ardleibhéal agus dá cheann don Ghnáthleibhéal – i leith gach ábhar Tráinse 1 chuig scoileanna. Seo 36 páipéar samplach sna naoi n-ábhar – 72 páipéar ar an iomlán nuair a chuirtear leganacha Gaeilge san áireamh.

### Meán Fómhair 2025

Cuirfear sonraíochtaí in ábhair nua agus in ábhair athbhreithnithe isteach sna scoileanna.  Beidh achoimre shamplach don CMB i ngach ábhar sna scoileanna ag an am céanna

### Éanair 2026

Eiseofar an achoimhre bheo le haghaidh CMBanna i ngach ábhar


# Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

D'fhaomh an tAire agus an Roinn Oideachais Ráiteas Chlár na hIdirbhliana.

Le linn na scoilbhliana 2024/25, beidh deis ag gach scoil iniúchadh a dhéanamh ar a dtairiscint reatha don Idirbhliain agus é a athbhreithniú nuair is gá de réir an Ráitis Cláir a fhoilseofar go luath.

Tabharfaidh Cigireacht na Roinne tacaíocht agus comhairle do scoileanna ina leith seo le linn na scoilbhliana 2024/25 agus beidh rannpháirtíochtaí na Cigireachta ag léiriú an méid seo.

Tá an Ráiteas le fáil [anseo.]



# Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Tá na réimsí curaclaim tosaigh agus na modúil do Chláir Theagaisc Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí ar fáil anois.

Féadfaidh na scoileanna atá ábalta sin a dhéanamh iad a sholáthar i scoilbhliain 2023/24.

Ó scoilbhliain 2024/25 ar aghaidh féadfaidh scoileanna na cláir a chur ar fáil do na scoláirí go léir a bhfuil na cláir chuí sa tSraith Shóisearach curtha i gcrích acu.

Le linn scoilbhliain 2024/25, déanfaidh CNCM, in éineacht le CSS, treoir a fhorbairt agus a sholáthar do scoileanna maidir le forbairt a dhéanamh ar chláir foghlama pearsantaithe do scoláirí, agus maidir le socruithe praiticiúla do thabhairt isteach an chláir a bhaineann le socrú tráthchláir, measúnú agus bailíochtú.

Cuirfidh Oide foghlaim ghairmiúil ar fáil chun tacú le tabhairt isteach na gclár.

Ba cheart do scoileanna rannpháirtíocht scoláirí in CFLI agus CFL2 na Sraithe Sinsearaí a thaifeadadh ina dtuairisceáin bhliantúla.

Féadfaidh tú an Ráiteas ar Chlár Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, réimsí curaclaim tosaigh agus modúil a léamh anseo.

# OSPS na Sraithe Shinsearach

Tá an tAire tar éis curaclam nuashonraithe OSPS a cheadú don tSraith Shinsearach. Tá an tsonraíocht deartha mar chomhpháirt éigeantach chun tacú le 60 uair an chloig den teagasc agus den fhoghlaim thar thréimhse dhá bhliain, á léiriú cé chomh tábhachtach agus atá OSPS do dhaoine óga ag an gcéim seo dá n-oideachas iar-bhunscoile.


Cé go n-aithnítear nach mór do gach scoil OCG a sholáthar sa tSraith Shinsearach faoi láthair, is amhlaidh nach soláthraíonn a lán scoileanna OSPS. Fágann sé sin go bhfuil méid suntasach oibre ullmhúcháin le cur isteach chun tacú le scoileanna an tsonraíocht a thabhairt isteach. Ar an gcúis sin, beidh ar scoileanna an tsonraíocht a thabhairt isteach faoi mhí Mheán Fómhair 2027 do scoláirí a bheidh ag dul isteach sa chúigiú bliain, ach amháin i gcás scoláirí a bheidh ag gabháil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (féach thíos). Soláthróidh sé sin leanúnachas le sonraíocht OSPS na Sraithe Sóisearaí don chéad chohórt scoláirí iar-Idirbhliana a chríochnóidh í sin. Beidh an amlíne faoi réir an obair ullmhúcháin riachtanach a chur isteach i ndáil le hoideachas múinteoirí agus acmhainní agus beidh sí faoi réir breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna praiticiúla eile, amchlárú ina measc.

## Scoláirí a bheidh ag gabháil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Glacfaidh an tsonraíocht nua áit mhodúil Oideachais Shóisialta I agus II den Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an athrú sin maidir le gach scoláire Ardteistiméireachta Feidhmí a bheidh ag dul isteach sa chúigiú bliain sa bhliain 2025.

Eiseofar tuilleadh faisnéise in am trátha, lena n-áireofar faisnéis maidir le hathruithe ar an measúnú agus leithdháileadh na marcanna.

# Tacaíocht le haghaidh múinteoirí agus ceannairí scoile



# For-rochtain d’Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Acadamh Scileanna ADIÉ do Cheannairí sa Todhchaí

Rinne baill d’Fhoireann Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí sa Roinn Oideachais ceardlann a éascú mar chuid d’Acadamh Scileanna ADIÉ do Cheannairí sa Todhchaí a bhí ar siúl i Halla na Saoirse i mí Iúil. Chuala siad go díreach ó scoláirí maidir lena dtuairimí faoin tSraith Shinsearach agus labhair siad faoin gclár athfhorbartha – buíochas leo siúd a ghlac páirt ann












# Meabhrúchán: Sceideal do gach Tráinse foilsithe anois

Déanfar feidhmiú céimneach na sonraíochtaí ábhar nua agus athbhreithnithe, ina mbeidh na socruithe measúnaithe athbhreithnithe, i dtráinsí bliantúla.. Faoin mbliain 2029, beidh athbhreithniú déanta ar na hábhair go léir. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an curaclaim athbhreithnithe agus socruithe measúnaithe i ngach ábhar á leanúint ag gach scoláire a bheidh ag tosú sa chúigiú bliain in 2029 mar scoláire san Ardteistiméireacht bhunaithe

Tráinse **1**
ag tosú 2025

**Bitheolaíocht, Ceimic, Fisic, Araibis, Laidin, Sean-Ghréigis, Gnó, Dramaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe**

Tráinse **2**
ag tosú 2026

**Cuntasaíocht, Staidéar Foirgníochta, Innealtóireacht, Béarla, Tíreolaíocht Nascmhodúil GCAT, Corpoideachas**

Tráinse **3**
ag tosú 2027

**Eolaíocht Talmhaíocht, Eolaíocht Ríomhaireachta, Grafaic Dearaidh agus Cumarsáide, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic, Ceol, agus Fisic agus Ceimic**

Tráinse **4**
ag tosú 2028

**Ealaín, Eacnamaíocht, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Iodáilis, Polaitíocht agus an tSochaí, Spainnis, agus Teicneolaíocht**

Tráinse **5**
ag tosú 2029

**Matamaitic Fheidhmeach Léann Clasaiceach Seapáinis Liotuáinis Sínis Mandairínis Polainnis Portaingéilis Oideachas Reiligiúnach, agus Rúisis**

Tá tuilleadh faisnéise ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí le fáil ar https://www.gov.ie/seniorcycle

Is féidir fiosruithe maidir leis an nóta faisnéise seo a chur ar aghaidh go dtí: scr_info@education.gov.ie.

An Roinn Oideachais
Department of Education